

Tá an comórtas EUSPA #myEUspace ar siúl arís.

EUSPA/PR/20/10 Prág, 20 Deireadh Fómhair 2022

Leis an gcomórtas #myEUspace, féachtar le réitigh nuálacha tráchtála a fháil a mbíonn cumhacht Spás AE á gearáil acu leis an aidhm tacú le fiontraithe feidhmchláir nuálacha thráchtála a fhorbairt lena ngiaráiltear sonraí agus comharthaí ó Chlár Spáis an Aontais. Chun an ceann scríbe sin a bhaint amach, tá beagnach EUR 1 mhilliún in airgead duaise curtha in airde aige.

Tá Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) tar éis a chomórtas bliantúil #myEUspace a sheoladh. Sa tríú bliain den chomórtas seo a bhfuil an-tóir air, tá dúshlán roimh fhiontraithe agus nuálaithe chun réitigh thráchtála mhórathraitheacha a fhorbairt a bhainfidh leas as sonraí Spás AE ó Galileo, ó Chóras Domhanda na hEorpa um Loingseoireacht Satailíte (GNSS), agus/nó ó Copernicus, an clár Eorpach um Fhaire na Cruinne.

“Tá sonraí spáis i gcroílár na réabhlóide teicneolaíche atá i mbarr a réime san Eoraip faoi láthair, agus is sampla eile é an comórtas seo den chaoi a dtacaíonn EUSPA le fiontraithe nuálacha, le gnólachtaí nuathionscanta, le FBManna agus le fiontair ar fud an Aontais a bhfuil sonraí, faisnéis agus seirbhísí Copernicus agus Galileo á ngiaráil acu le linn chéimeanna éagsúla a dtimthrialla éabhlóide,” a dúirt Stiúrthóir Feidhmiúcháin EUSPA, Rodrigo da Costa.

“Tá gnólachtaí nuathionscanta agus fiontraithe thar a bheith díograiseach maidir le glacadh leis an acmhainneacht a chuirtear ar fáil le Clár Spáis an Aontais Eorpaigh agus é a aistriú i dtreo réitigh nuálacha a chinntíonn go gcuirfead isteach ar réimse leathan earnálacha,” a dúirt Ceannaire an Mhargaidh Iartheachtaigh agus Nuálaíocht, Fiammetta Diani.

Tá an comórtas #myEUspace oscailte d’fhoirne ó gach Ballstát agus ón Eilvéis, ón Iorua agus ón Íoslainn agus tá duais iomlán de **EUR 1 mhilliún** ag baint leis. Chomh maith leis an duais airgid thirim, tugann an comórtas tacaíocht d’fiontraithe le linn na timthriallta nuálaíochta ina hiomláine, ó gnólachtaí nuathionscanta luathchéime go gnólachtaí atá i mbun fáis.

Cé gur féidir le raon smaointe éagsúla a bheith ann, cuir i gcás feidhmchláir mhóibíleacha agus réitigh atá bunaithe ar chrua-earraí, ní mór iad ar fad a cheangal le ceann amháin de thrí réimse nuálaíochta spriocdhírthe:

- **Cuir an Spás le Mo Shaol:** Réitigh tomhaltóirí amhail feidhmchláir mhóibíleacha, earraí inchaite (uaireadóirí cliste, spéaclaí cliste, lorgairí aclaíochta, etc.) dróin nó róbataic a thugann aghaidh ar mhórdhúshláin shochoíocha i réimsí fócais amhail sláinte, sábháilteacht agus slándáil na saoránach, cearrbhachas agus siamsaíocht, spóirt agus folláine, agus turasóireacht.
- **Ár bPláinéad Glas:** Réitigh nuálacha lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin chomhshaoil agus ar shaol inbhuanaithe a rannchuidíonn le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, chomh maith le réitigh a chabhraíonn le claoclú glas corparáidí. Ní mór do na réitigh atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin shochoíocha i réimsí fócais amhail caomhnú éiceachóras, soghluaisteacht ghlas, talmhaíocht inbhuanaithe agus bainistiú fuinnimh agus acmhainní.
- **Léim isteach in Deep Tech:** Réitigh nuálacha a chomhcheanglaíonn sonraí Spás AE le teicneolaíochtaí doimhne amhail an intleacht shaorga (IS), candamach (ríomhaireacht chandamach, braiteacht, ionsamhlú, criptiú, etc.), blocshlabhra, an mheiteachruinne, agus

réaltacht leathnaithe (réaltacht bhreisithe [AR], réaltacht mheasctha [MR], réaltacht fhíoriúil [VR]). Ní mór do na réitigh atá beartaithe aghaidh a thabhairt ar mhórdhúshláin shochoaíocha i réimsí fócais amhail an bhith-theicneolaíocht, an teicneolaíocht leighis, an teicneolaíocht airgeadais, etc.

Ag brath ar aibíocht an réitigh tráth an chur i bhfeidhm, is féidir le fiontraíthe dul san iomaíocht agus an bua a bheith acu i dtrí shraith duaise éagsúla:

- **Na Smaointe is Fearr:** le haghaidh smaointe teoiriciúla a bhfuil gealladh fúthu lena ngiaráiltear sonraí spáis AE agus a bhfuil acmhainneacht ard chun margaidh acu. Gheobhaidh na 15 smaoinemh is fearr duais airgid de EUR 10 000.
- **Na Fréamhshamhlacha is Fearr:** le haghaidh fréamhshamhlacha tástála nó béite-leaganacha réidh le cur ar an margadh. Gheobhaidh na 10 bhfréamhshamhail is fearr duais airgid de EUR 30 000 an ceann.
- **Na Táirgí is Fearr:** i gcás táirgí tráchtála atá ann cheana féin agus atá ag iarraidh méadú de réir scála. Gheobhaidh na 5 tháirgí is fearr duais airgid de EUR 100 000 an ceann.

Toisc go n-úsáideann an comórtas spriocdháta iarratais rollta, is féidir le foirne a bhuaigh i gcatagóir amháin an smaoinemh nó an fhréamhshamhail chéanna a raibh an bua aige a ghlacadh agus iarratas a dhéanamh arís i sraith duaise eile chun dul san iomaíocht agus chun bheith in ann duaiseanna breise a bhuan. Is iad na **spriocdhátaí ná an 30 Samhain 2022 don tsraith Na Smaointe is Fearr, an 10 Feabhra 2023 don tsraith Na Fréamhshamhlacha is Fearr, agus an 23 Aibreán 2023 don tsraith Na Táirgí is Fearr.**

Déanfar measúnú ar gach iarratas bunaithe ar a nuálaí atá siad, a n-acmhainneacht chun margaidh, a indéanta atá siad, a ábhartha atá siad do Chlár Spáis an Aontais agus a n-acmhainneacht oibríochtúil. Tabharfar cuireadh d'fhoirne a mbronnfar a gcuid réiteach a chur ar taispeánt don phobal agus d'infheisteoirí le linn an Chraobhchomórtais mar chuid de Lá Fiontraíochta mhí an Mheithimh seo chugainn.

Tá tuilleadh **eolais** faoin gcomórtas agus faoin gcaoi le clárú le fáil [anseo](#).

Is é EUSPA a eagraíonn an comórtas #myEUSpace mar chuid de Thionscnamh Fiontraíochta Spáis CASSINI de chuid an Choimisiúin Eorpaigh.

Maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Soláthraíonn Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) seirbhísí Eorpacha loingseoireachta satailíte atá sábháilte agus slán, cuireann sí tráchtálú sonraí agus seirbhísí Galileo, EGNOS agus Copernicus chun cinn, comhordaíonn sí clár cumarsáide satailíte rialtais an Aontais GOVSATCOM, agus tá sí i gceannas ar sheirbhís oibríochtaí Dheasc Tosaigh an Chláir um Fhaireachas agus Rianú Spáis (SST) amhail ó 2023. Tá EUSPA freagrach as creidiúnú slándála a dhéanamh ar na comhpháirteanna uile de Chlár Spáis AE. Trí chabhrú le hearnáil spáis atá nuálach agus iomaíoch a fhorbairt agus trí dhul i dteagmháil le pobal iomlán Spáis AE, rannchuidíonn EUSPA leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus leis an aistriú digiteach a bhaint amach agus le sábháilteacht agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a áirithiú, agus neamhspleáchas agus athléimneacht an Aontais á threisiú aige an tráth céanna.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise:

Marie Ménard, Oifigeach Cumarsáide EUSPA

Marie.Menard@euspa.europa.eu

Teil.: +420 237 766 627 – Fón póca: +420 602 619 776